

Tuarascáil ar Chomhlíonadh Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 do 2023



Údarás Náisiúnta Míchumais
National Disability Authority

Buíochas

Is mór ag an Údarás Náisiúnta Míchumais an méid suntasach tacaíochta agus comhair a fuairamar ó Choistí Faireacháin na Ranna agus ó chomhlachtaí poiblí a chinntigh gur cuireadh tuairisceáin bhliantúla Chuid 5 uathu isteach faoin spriocdháta reachtúil, mar a bhí an 30 Meitheamh 2024.

Is mór againn freisin na freagraí prasa a fuairamar ar aon cheisteanna a bhí againn maidir le sonraí le haghaidh thuairisceáin Chuid 5 don bhliain 2023.

Clár Ábhar

Achoimre Fheidhmeach.....	5
Méadú san íos-sprioc reachtúil fostaíochta	6
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	6
Ceistanna nua le haghaidh Chuid 5.....	7
I Réamhrá.....	11
1.1 An cúlra reachtach	11
1.2 An líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu a chomhaireamh	11
1.3 Modhanna Bailithe Sonraí.....	14
1.4 Feabhas a chur ar an bpróiseas bailithe sonraí le haghaidh Chuid 5.....	15
2. Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2023	17
2.1 Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2023	17
2.2 Anailís de réir an chineáil comhlachta earnála poiblí.....	19
2.3 Anailís de réir mhéid an chomhlachta earnála poiblí.....	23
2.4 Athruithe i méid na gcomhlachtaí poiblí	25
3. Bearta chun oibleagáidí Chuid 5 a chomhlíonadh sa bhliain 2023....	28
3.1 Earcú agus Coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú.....	28
3.2 Bearta chun tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl	33
3.3 Socruithe réasúnacha	34
3.4 Tacaí do bhainisteoirí líne	38
3.5 Cláir thaithí oibre	38
3.6 Idirchaidreamh le Coistí Faireacháin.....	42
4. Faireachán agus Comhlíonadh	44
Comhlíonadh faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005	44
4.1 Comhlíonadh an Achta, 2021 – 2022.....	44
4.2 Comhlíonadh an Achta, 2022 – 2023.....	45
4.3 Tosca maolaitheacha	46
4.4 Bearta chun an sprioc 4.5% a bhaint amach sa bhliain 2024.....	46
4.5 Earráidí – athruithe i sonraí.....	47

Aguisín A – Ranna Rialtais	48
Aguisín B – Ranna Rialtais.....	50
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.....	50
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	51
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	52
An Roinn Airgeadais	53
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.....	54
An Roinn Sláinte	57
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht	59
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.....	68
An Roinn Coimirce Sóisialaí.....	69
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.....	70
Roinn an Taoisigh	71
An Roinn Turasóireacht, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	72
An Roinn Iompair	74
Aguisín C – Rátaí Freagartha don Áireamh Foirne	77

Achoimre Fheidhmeach

Is í seo an t-ochtú tuarascáil bhliantúil déag ón Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí. Tá ról reachtúil ag ÚNM i bhfaireachán a dhéanamh ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí, ar ról é a eascraíonn as Cuid 5 den Acht um Míchumas 2005.

- Ba mhó ná 4% den dara huair riamh an líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas. Tháinig méadú ar an líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas, ó 10,631 fhostaí sa bhliain 2022 go 11,254 fhostaí sa bhliain 2023 (méadú 623 fhostaí, nó méadú 5.9%). Mar sin féin, d'fhan an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas ag 4.1%, an céatadán céanna a bhí ann sa bhliain 2022. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an méadú suntasach sa líon iomlán fostaíthe san earnáil phoiblí sa bhliain 2023 (méadú 13,313 fhostaí, nó méadú 5.1%). Tháinig laghdú ar an líon comhlachtaí poiblí san earnáil phoiblí, ó 213 chomhlacht poiblí sa bhliain 2022 go 210 comhlacht poiblí sa bhliain 2023, toisc gur chumaisc roinnt comhlachtaí poiblí i gcomhlachtaí poiblí eile.
- Ag deireadh na bliana 2023, b'ionann an líon iomlán fostaíthe sna comhlachtaí iomchuí earnála poiblí agus 273,747 bhfostaí. Is méadú 13,313 fhostaí (+5.1%) é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2022.
- Sa bhliain 2023, rinne 191 chomhlacht poiblí (91.0%) an íos-sprioc 3% a bhaint amach nó a shárú, i gcomparáid le 193 chomhlacht poiblí (90.6%) sa bhliain 2022.
- Sa bhliain 2023, níor shroich 19 gcomhlacht poiblí (9.0%) an íos-sprioc 3%, i gcomparáid le 20 comhlacht poiblí (9.4%) sa bhliain 2022.
- Sháraigh an earnáil phoiblí ar an iomlán an íos-sprioc 3% don tríú bliain déag as a chéile.

Tugann ÚNM na nithe seo a leanas dá aire freisin:

- Sa bhliain 2023, bhain ceithre cinn de na cúig chineál comhlachta poiblí an íos-sprioc 3% amach (Comhlachtaí Tráchtála, Ranna Rialtais, Rialtas Áitiúil, Comhlachtaí Neamhthráchtála, agus Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar fhoireann dóibh). Níor bhain cineál comhlachta poiblí amháin (Comhlachtaí Neamhthráchtála) an sprioc amach.

Sa bhliain 2022, bhain cineál chineál comhlachta poiblí an íos-sprioc 3% amach.

- Sa tuarascáil seo, catagóirítear comhlachtaí poiblí ina gceithre mhéid dhifriúla freisin:
 - 0-99 fostaí
 - 100-999 fostaí
 - 1000-4,999 fostaí
 - 5,000 fostaí nó níos mó

Sa bhliain 2023, rinne trí cinn de na ceithre chatagóir méide an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh nó a shárú. Níor chomhlíon an chatagóir um chomhlachtaí poiblí a bhfuil 5,000 fostaí nó níos mó acu an íos-sprioc 3% sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2022, rinne na ceithre chatagóir méide uile an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh nó a shárú.

Méadú san íos-sprioc reachtúil fostaíochta

Cuireann ÚNM in iúl don earnáil phoiblí arís agus arís eile go dtiocfaidh méadú ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta ó 3% go 4.5% sa bhliain 2024. Sa bhliain 2023, chomhlíon 160 comhlacht poiblí (76.2%) an sprioc 4.5% atá le teacht, i gcomparáid le 141 comhlacht poiblí (66.2%) sa bhliain 2022.

Chuir ÚNM in iúl do chomhlachtaí poiblí freisin go dtiocfadh méadú ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta le haghaidh thuairisceáin Chuid 5 don bhliain 2025 ó 4.5% go 6% sa bhliain 2025. Sa bhliain 2023, chomhlíon 110 comhlacht poiblí (52.4%) an sprioc 6% atá le teacht, i gcomparáid le 103 comhlacht poiblí (48.4%) sa bhliain 2022.

Tugann ÚNM dá aire gur ag méadú gach bliain a bheidh an líon fostaithe agus an céatadán d'fhostaithe a chomhlíonann na spriocanna 4.5% agus 6% atá le teacht. Má tá an earnáil phoiblí chun na spriocanna sin a bhaint amach ar bhealach tráthúil, áfach, beidh ar chomhlachtaí poiblí tógáil ar an dul chun cinn atá déanta acu go dtí seo agus tús áite a thabhairt dá bhfeidhmíocht faoi Chuid 5 a fheabhsú.

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Is é FSS an comhlacht is mó san earnáil phoiblí. Sa bhliain 2023, thuairiscigh an comhlacht poiblí sin méadú 4,749 bhfostaí ina líon fostaithe, ó 101,020 fostaí sa bhliain 2022 go 105,769 bhfostaí sa bhliain 2023. Tháinig laghdú ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, agus é ag titim ó 2,331 fhostaí (2.3%) sa bhliain 2022 go 1,735 fhostaí (1.6%).

Tábla I. An céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas sa bhliain 2023, trí Shonraí FSS a áireamh agus gan Sonraí FSS a áireamh

Bliain	An líon iomlán fostaíthe	An líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán na bhfostaíthe a thuairiscigh míchumas
2023 (sonraí FSS a áireamh)	273747	11254	4.1%
2023 (gan sonraí FSS a áireamh)	167978	9519	5.7%

Dá mba rud é nach gcuirfí sonraí FSS ar áireamh i dtuairisceáin na bliana 2023, bheadh an céatadán tuairiscithe de dhaoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí 39% níos airde ná a bheadh sé dá gcuirfí sonraí FSS ar áireamh.

Ón mbliain 2020 i leith, tá ÚNM ag teacht le chéile ar bhonn ráithiúil le foireann ainmnithe in FSS atá freagrach as feabhas a chur ar fheidhmíocht an chomhlachta phoiblí sin faoi Chuid 5. Ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2022, tháinig méadú ó bhliain go bliain ar an líon fostaíthe, agus ar an gcéatadán d'fhostaithe, a thuairiscigh míchumas. Tá díomá ar ÚNM gur tháinig laghdú ar an líon fostaíthe, agus ar an gcéatadán d'fhostaithe, a thuairiscigh míchumas in FSS sa bhliain 2023. Phléamar an tsaincheist sin leis an bhfoireann ainmnithe in FSS agus leanfaimid d'eolas a chur ar an gcomhlacht poiblí sin faoi na bearta is gá dó a dhéanamh chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht faoi Chuid 5.

Ceisteanna nua le haghaidh Chuid 5

Sa bhliain 2019, choimisiúnaigh ÚNM Athbhreithniú ar phróiseas Chuid 5. Ceannt de chuspóirí an Athbhreithnithe ba ea feabhas a chur ar cháilíocht sonraí Chuid 5 a fuaireamar ó chomhlachtaí poiblí. Sa bhliain 2020, táirgeadh [páipéar ina mionsonraítear na fionnachtana taighde a forbraíodh mar chuid den Athbhreithniú agus ina leagtar amach moltaí le haghaidh na gcéad chéimeanna eile](#). Chuir ÚNM roinnt príomh-mholtaí ón Athbhreithniú sin chun feidhme. I gcás phróiseas Chuid 5 don bhliain 2023, chuireamar príomh-mholadh eile chun feidhme chun ceisteanna nua a fhorbairt do chomhlachtaí poiblí ar mhaithe le sonraí níos saibhre a fháil faoi na bearta a chuir siad chun feidhme chun a gcuid oibleagáidí faoi Chuid 5 a chomhlíonadh.

Ó mhí na Nollag 2023 go mí an Mhárta 2024, chuamar i gcomhairle le hEagraíochtaí do Dhaoine faoi Míchumas (EDManna), le daoine aonair a bhfuil míchumas orthu, le geallsealbhóirí míchumais agus leis an earnáil phoiblí maidir leis na ceisteanna lena mbaineann. Rinneamar na ceisteanna lena mbaineann a

thriail le roinnt comhlachtaí poiblí sular chuireamar i bhfeidhm iad i mí an Mhárta 2024. Is iad seo a leanas na príomhfhionnachtana ó na ceisteanna lena mbaineann:

- **An modh bailithe sonraí do thuairisceán Chuid 5:** Agus é á úsáid ag 156 chomhlacht poiblí (74.3%), ba é an modh bailithe sonraí is coitianta ná áireamh foirne uile.
- **Athruithe ó thaobh méide de (méaduithe):** Ar an iomlán, thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí a bhfuil 100 fostaí nó níos mó acu méaduithe suntasacha (idir 5-10%) ina líon iomlán fostaithe ón mbliain 2022 i leith, mar gheall ar infheistíocht mhéadaithe agus mar gheall ar cheadú le haghaidh poist nua agus earcaíocht leanúnach. Thuairiscigh roinnt díobh méaduithe suntasacha (idir 5-10%) ina líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu ón mbliain 2022 i leith, mar gheall ar earcaíocht leanúnach, mar gheall ar mhéadú san fheasacht ar mhíchumas agus i socruithe réasúnacha laistigh den eagraíocht, mar gheall ar shuirbhé gan ainm a sheoladh, agus mar gheall ar chleachtais chuimsitheacha earcaíochta a bheith ar bun acu. **(Féach Rannán 2.4 ar leathanach 21 den tuarascáil seo chun tuilleadh faisnéise a fháil)**
- **Athruithe ó thaobh méide de (laghduithe):** Ar an iomlán, thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí a bhfuil 100 fostaí nó níos mó acu laghduithe suntasacha (idir 5-10%) ina líon iomlán fostaithe ón mbliain 2022 i leith, toisc gur chumaisc eagraíochtaí le chéile, toisc gur athstruchtúraíodh eagraíochtaí, toisc gur tháinig conarthaí sealadacha chun deiridh nó toisc go raibh clár iomarcaíochta deonaí a bhí bunaithe ar ath-imscaradh ar siúl. Thuairiscigh siad laghduithe suntasacha (idir 5-10%) ina líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu ón mbliain 2022 i leith, toisc gur fhág fostaithe a bhfuil míchumas orthu an eagraíocht chun dul i mbun poist in áiteanna eile nó toisc go ndeachaigh fostaithe a bhfuil míchumas orthu ar scor. Cuireadh an laghdú sa líon ball foirne a bhfuil míchumas orthu síos freisin don easpa freagraí a fuarthas ar an suirbhé foirne.
- **Earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú:** Ba é an beart is coitianta a rinne comhlachtaí poiblí chun earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú ná socruithe réasúnacha a sholáthar i bpróisis earcaíochta (200 comhlacht, 95.2%).
- **Tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl:** Thuairiscigh formhór na gcomhlachtaí poiblí (170 comhlacht, 81.0%) gur sholáthair siad faisnéis d'fhostaithe faoi na tacaí atá ar fáil dóibh (mar shampla socruithe réasúnacha agus ainm agus mionsonraí teagmhála an Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus/nó an Oifigigh Rochtana), chun fostaithe a spreagadh a stádas míchumais a chur in iúl.

- **Socruithe Réasúnacha:** Maidir leis na próisis trínar sholáthair siad socruithe réasúnacha d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu, dar le comhlachtaí poiblí, is cosúil gurbh iad na príomhphróisis a d'úsáid siad ná idirchaidreamh idir fostaí agus a b(h)ainisteoir líne, an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, an rannóg Acmhainní Daonna, an rannóg Sláinte agus Sábháilteachta nó baill foirne ó rannóga iomchuí eile (Leas; Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; Comhionannas) agus, ina dhiaidh sin, atreoruithe féideartha chuig speisialtóirí Sláinte Ceirde nó speisialtóirí seachtracha eile chun measúnú nó tacaíocht a fháil.

Agus é á sholáthar ag 195 chomhlacht phoiblí (92.9%), ba é an socrú réasúnach is coitianta ná obair sholúbtha a sholáthar.

Luaigh dhá chomhlacht phoiblí is daichead (20.0%) gur tháinig siad ar dheacrachtaí maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar. Thuairiscigh cúig cinn déag de na comhlachtaí poiblí sin (35.7%) gurbh é an deacracht is coitianta ar tháinig siad uirthi ná an teicneolaíocht chuí is gá a shainaithint, a fhoinsiú agus a fháil mar gheall ar easpa eolais, ar mhoilleanna ama, ar shrianta airgeadais, agus ar fhadhbanna a bhain le TF a shuiteáil.

- **Tacú le Bainisteoirí Líne:** Sholáthair céad caoga is sé chomhlacht phoiblí (74.3%) tacaíocht do bhainisteoirí líne chun cabhrú le fostaithe faoi mhíchumas socruithe réasúnacha a rochtain nó chun cineálacha eile cúnamh a thabhairt. Agus é á sholáthar ag 96 chomhlacht phoiblí (45.7%), ba é an cineál tacaíochta is coitianta ná oiliúint a sholáthar i dtopaicí éagsúla, amhail feacht ar mhíchumas, éagsúlacht, cuimsiú, meabhairshláinte agus cearta an duine, agus néara-éagsúlacht.
- **Cláir Thaithí Oibre:** Ghlac seasca comhlacht phoiblí (28.6%) páirt i gclár taithí oibre do dhaoine faoi mhíchumas sa bhliain 2023.
- **Idirchaidreamh a Dhéanamh le Coistí Faireacháin:** Rinne ocht gcomhlacht phoiblí is ochtó (41.9%) idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin sa bhliain 2023. Den 122 chomhlacht phoiblí (58.1%) nach ndearna idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin, dúirt 73 cinn (59.8%) nár ghá dóibh déanamh amhlaidh toisc gur éirigh leo an íos-sprioc 3% a bhaint amach.
- **Mainneachtain an íos-sprioc 3% a bhaint amach:** De na 19 gcomhlacht phoiblí (9.0%) nár bhain an íos-sprioc 3% amach, luaigh 11 cheann (57.9%) gur chuir méid beag a n-eagraíochta cosc orthu an íos-sprioc 3% a bhaint amach.
- **An íos-sprioc 4.5% a bhaint amach sa bhliain 2024:** Luaigh sé chomhlacht phoiblí (31.6%) nár bhain an íos-sprioc 3% amach sa bhliain 2023 go ndéanadh siad athbhreithniú ar a gcleachtais earcaíochta chun iad

féin a dhéanamh níos cuimsithí ar mhaithe leis an íos-sprioc 4.5% a bhaint amach sa bhliain 2024.

I Réamhrá

I.1 An cúla reachtach

I gCuid 5 den Acht um Míchumas 2005, tugtar ról reachtúil don Údarás Náisiúnta Míchumais (ÚNM) i bhfaireachán a dhéanamh ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu san earnáil phoiblí. Leagtar amach inti freisin na hoibleagáidí tuairiscithe agus faireacháin atá ar chomhlachtaí poiblí agus Ranna Rialtais ó thaobh fostaíochta de.

Mar achoimre, is iad seo na hoibleagáidí atá mionsonraithe san Acht:

- A mhéid is féidir, déanfaidh comhlachtaí poiblí gach beart réasúnach chun fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu acu a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhfostú sin (alt 47.1a)
- Cinnteoidh comhlachtaí poiblí go mbainfidh siad aon spriocanna forordaithe comhlíonta amach, ach amháin i gcás go mbeidh dea-chúis ann le gan an méid sin a dhéanamh (alt 47.2)
- Bunóidh Airí Coiste Faireacháin ina Roinn féin (alt 48.1)
- Cuirfidh comhlachtaí poiblí tuarascáil bhliantúil ar chomhlíonadh faoi bhráid Choiste Faireacháin a Roinne faoin 31 Márta gach bliain (alt 48.2)
- Cuirfidh an Coiste Faireacháin tuarascáil bhliantúil faoi bhráid ÚNM faoin 30 Meitheamh gach bliain (alt 48.5d)
- I gcás go n-iarrfaidh Aire nó ÚNM tuilleadh faisnéise faoi chomhlíonadh, soláthróidh comhlacht poiblí an fhaisnéis sin laistigh de thréimhse trí mhí (alt 49.1)
- I gcás go mbeidh ÚNM den tuairim nach bhfuil comhlacht poiblí comhlíontach tar éis don chomhlacht mainneachtain comhlíonadh ar feadh dhá bhliain as a chéile, féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfaidh an comhlacht poiblí ‘bearta sonracha’ chun comhlíonadh a bhaint amach.

I.2 An líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu a chomhaireamh

Luaitear in alt 48(2) den Acht um Míchumas 2005 nach mór do chomhlachtaí poiblí sonraí a bhailiú faoi fhostaithe, agus go háirithe fostaithe a bhfuil míchumas orthu, **ar bhonn bliantúil**.

“Faoi réir *fho-alt (7)*, déanfaidh comhlacht poiblí, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, tuarascáil i scríbhinn a tharraingt suas maidir leis an dóigh ar chomhlíon sé an Chuid seo le linn **na bliana roimhe sin** agus cuirfidh sé an tuarascáil sin faoi bhráid an choiste faireacháin ábhartha”.

Ní leagtar amach san Acht aon mhodhanna ar leith le haghaidh fostaithe a bhfuil míchumas orthu a chomhaireamh nó a shainaithint. Tá gach comhlacht poiblí freagrach as roghnú a dhéanamh ar mhodh cuí le haghaidh an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu ina n-eagraíocht a chomhaireamh gach bliain. Cuireann ÚNM comhairle maidir le modhanna éagsúla a fhéadfar a úsáid chun sonraí a bhailiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Chomh maith leis sin, molann ÚNM do chomhlachtaí poiblí cineálacha comhsheasmhacha cur chuige a chothabháil le himeacht ama nuair is féidir, ar mhaithe le móréagsúlachtaí a sheachaint sna sonraí tuairiscithe. Mar sin féin, glacann ÚNM leis gur féidir nach mbeidh sé sin indéanta nó cuí i gcónaí nuair a bheifear ag iarraidh feabhas a chur ar chruinneas na dtuairisceán.

Beart tábhachtach maidir le fostaithe a bhfuil míchumas orthu a shainaithint is ea áireamh a dhéanamh ar gach fostaí, áit a dtugtar cuireadh do gach fostaí a chur in iúl cé acu atá nó nach bhfuil míchumas orthu. Léirítear sna tuairisceáin ó chomhlachtaí poiblí go bhfuil éagsúlacht leathan ann sna rátaí freagartha don áireamh i measc fostaithe. Tá sé dúshlánach timpeallacht a chruthú ina bhfuil fostaithe ar a gcompord a stádas míchumais a chur in iúl nó ina dtuigeann na fostaithe uile a thábhachtaí atá sé freagra a thabhairt ar shuirbhé foirne.

Ní bhíonn sé riachtanach i ngach cás áireamh iomlán a dhéanamh gach bliain. Déanfaidh comhlachtaí poiblí áirithe áireamh ar bhonn tréimhsiúil agus bainfidh siad úsáid as na taifid acmhainní daonna de chuid ball foirne a chuaigh isteach sa chomhlacht nó a d'fhág an comhlacht nó as iarrataí ar shocruithe réasúnacha chun sainaithint a dhéanamh gach bliain ar athruithe san idirthréimhse, agus bearta cuí cosanta sonraí i bhfeidhm acu. I gcás nach ndearnadh áireamh le roinnt blianta, is féidir gur fiú ceann a sheoladh chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le fostú daoine a bhfuil míchumas orthu. Is féidir áireamh a úsáid freisin chun tacú le níos mó fostaithe bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl. Is cuma cén modh bailithe sonraí a úsáideann comhlacht poiblí, sonraítear sa reachtaíocht gur cheart faisnéis a thabhairt cothrom le dáta agus a chur faoi bhráid ÚNM ar bhonn bliantúil.

Beag beann ar an bpróiseas a úsáideann comhlachtaí poiblí chun a sonraí a bhailiú, cuireann ÚNM in iúl gurb amhlaidh, i gcomhréir leis **an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018**, is gá do chomhlachtaí poiblí a bhfostaithe uile a chur ar an eolas gur gan ainm atá na sonraí atá á mbailiú agus a mhíniú do na fostaithe uile cén fáth a bhfuil a sonraí á mbailiú. Ba cheart fostaithe a chur ar an eolas freisin go mbíonn a sonraí á stóráil go sábháilte.

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh fostaithe an sainmhíniú ar an téarma ‘míchumas’ faoin Acht um Míchumas 2005 ionas gur féidir leo a thuiscint conas atá feidhm ag an sainmhíniú sin maidir leo. Dá dtabharfaí soiléire ar an sainmhíniú sin,

d'fhéadfadh go gcabhrófaí le níos mó fostaithe a bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.

Is mar a leanas atá an sainmhíniú ar an téarma ‘míchumas’ faoin Acht um Míchumas 2005:

“srianadh substaintiúil ar chumas an duine chun gairm, gnó nó slí bheatha a sheoladh sa Stát nó chun páirt a ghlacadh sa saol sóisialta nó cultúrtha sa Stát mar gheall ar lagú fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta seasmhach.”

Leanann ÚNM dá chur in iúl do chomhlachtaí poiblí go bhfolaíonn an téarma **“srianadh substaintiúil”** dearcthaí diúltacha i leith daoine a bhfuil míchumas orthu agus bacainní, mar shampla cumarsáidí dorochtana (digiteacha, scríofa, labhartha agus comharthaithe), iompar dorochtana agus seirbhísí poiblí eile. Is é atá ann ná sainmhíniú de chineál shamhail shóisialta an mhíchumais ina sonraítear go gcuireann na sriantaí substaintiúla sin cosc ar dhaoine a bhfuil míchumas orthu páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Tá an chomhairle agus an treoir ó ÚNM chuige sin ag teacht leis na hAirteagail seo a leanas i g**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas a dhaingniú**:

- Dírítear ar Shainmhínithe in Airteagal 2. Faoin Airteagal sin, ciallaíonn idirdhealú ar bhonn míchumais aon idirdhealú, eisiámh nó srianadh ar bhonn míchumais a bhfuil de chuspóir nó d'éifeacht aige aithint, feidhmiú nó cleachtadh gach cirt dhaonna agus gach saoire bunúsaí ar bhonn comhionann le daoine eile a lagú nó a chur ar neamhní sa réimse polaitiúil, sa réimse eacnamaíoch, sa réimse sóisialta, sa réimse cultúrtha, sa réimse sibhialta nó in aon réimse eile. Folaíonn sé gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear diúltú do shocrú réasúnach.
- Dírítear ar Oibleagáidí Ginearálta in Airteagal 4 de **Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas**. Sonraítear san Airteagal sin nár cheart aon srianta a bheith ar chearta na ndaoine a bhfuil míchumas orthu agus iad ag iarraidh seirbhísí poiblí príomhshrutha a rochtain agus páirt a ghlacadh sa tsochaí.

Toradh eile atá ar an gcomhairle agus an treoir ó ÚNM ná go dtugtar do chomhlachtaí poiblí faisnéis faoi bhearta réamhghníomhacha praiticiúla is féidir leo a úsáid chun cabhrú leo seirbhísí poiblí inrochtana a sholáthar, ar aon dul leis na hoibleagáidí atá orthu faoi Airteagal 9 de **Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Míchumas**.

1.3 Modhanna Bailithe Sonraí

Bhí ÚNM ag iarraidh faisnéis níos mionsonraithe a fháil faoi na modhanna ar bhain comhlachtaí poiblí úsáid astu chun sonraí Chuid 5 dá gcuid a bhailiú.


Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí an ndearna nó nach ndearna siad áireamh foirne gan ainm agus ag comhlíonadh RGCS ar na baill foirne uile ina n-eagraíocht ón 01 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023. Is in Aguisín C atá liosta de na comhlachtaí poiblí a rinne áirimh sa bhliain 2023. Mura ndearna comhlachtaí poiblí áireamh foirne, cuireadh ceist orthu ina ionad sin faoi na próisis bailithe sonraí ar bhain siad úsáid astu.

Léirítear i bhFíor 1.1 go ndearna 74.3% de chomhlachtaí poiblí (156 cinn) áireamh foirne. B'ionann agus 55.0% an meánchéatadán d'fhostaithe a chomhlánaigh na háirimh ar fud na gcomhlachtaí poiblí sin. Bhí an céatadán d'fhostaithe a chomhlánaigh na háirimh sin idir 0.0% in eagraíocht amháin agus 100.0% in ocht n-eagraíocht.

Bhain comhlachtaí poiblí nach ndearna áireamh foirne (20.5%) úsáid as sonraí athraithe chun dáta óna dtaifid acmhainní daonna, agus rinne 39 gcomhlacht phoiblí (18.6%) suirbhé ar fhostaithe nua. Bhain dhá chomhlacht phoiblí is fiche úsáid as taifid Sláinte Ceirde (10.5%), bhain 15 chomhlacht phoiblí (7.1%) úsáid as suirbhé le haghaidh fostaithe a luaigh gur tháinig athrú ar a stádas míchumais, agus sheiceáil 12 chomhlacht phoiblí (5.7%) a dtaifid um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.¹ Ag an deireadh ar fad, bhailigh seacht gcomhlacht phoiblí (3.3%) sonraí ar bhealaí eile. Áiríodh leo sin áirimh na mblianta roimhe a athrú chun dáta trí chineálacha éagsúla cur chuige a ghlacadh, féin-nochtadh fostaithe a úsáid, agus iarraidh ar fhostaithe foirmeacha míchumais a sheoladh chuig a nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas.

¹ Is ionann na figiúirí sin agus níos mó ná 100% toisc gurbh amhlaidh, maidir le roinnt comhlachtaí nár bhain úsáid as Áireamh Foirne, a bhain siad úsáid as roinnt modhanna bailithe sonraí.

Fíor 1.1 Modhanna difriúla bailithe sonraí ar bhain comhlachtaí poiblí úsáid astu



1.4 Feabhas a chur ar an bpróiseas bailithe sonraí le haghaidh Chuid 5

Sa bhliain 2019, choimisiúnaigh ÚNM Athbhreithniú ar phróiseas Chuid 5. Cean de chuspóirí an Athbhreithnithe ba ea feabhas a chur ar cháilíocht shonraí Chuid 5 a fuaireamar ó chomhlachtaí poiblí. Sa bhliain 2020, táirgeadh [páipéar ina mionsonraítear na fionnachtana taighde a forbraíodh mar chuid den Athbhreithniú agus ina leagtar amach moltaí le haghaidh na gcéad chéimeanna eile](#).

Leanfaidh ÚNM de chur chun feidhme a dhéanamh ar na hathruithe ar phróiseas Chuid 5, bunaithe ar phríomh-mholtaí ón Athbhreithniú ar Chuid 5. Tríd is tríd, beidh na hathruithe sin dírithe ar an bpróiseas bailithe sonraí le haghaidh Chuid 5 a fheabhsú agus a chuíchóiriú. Déanfaidh ÚNM na nithe seo a leanas:

- Físeáin inrochtana ghearra a tháirgeadh do chomhlachtaí poiblí a thugann comhairle agus treoir dóibh maidir le feabhas a chur ar a bpróisis bailithe sonraí; an tábhacht a bhaineann le sonraí cruinne a chur isteach; earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú; agus bearta eile is féidir le comhlachtaí poiblí a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht faoi Chuid 5.
- Na sonraí atá faighte againn le haghaidh phróiseas Chuid 5 don bhliain 2023 a athbhreithniú chun forbairt a dhéanamh ar chóras le haghaidh measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí a thugann comhlachtaí poiblí ar ais sna tuairisceáin uathu agus ar conas is féidir linn feabhas a chur ar an bpróiseas bailithe agus anailísithe sonraí le haghaidh na Tuarascála ar Chomhlíonadh don bhliain 2024.
- Leanúint de dhíriú ar fhorbairt a dhéanamh ar chóras faireacháin ar líne a d'fhéadfaí a úsáid a úsáid chun an próiseas bailithe agus fíoraithe sonraí a chuíchóiriú agus anailís níos cuimsithí le haghaidh Chuid 5 a éascú.

Tabharfaidh ÚNM an t-eolas is deireanaí don earnáil phoiblí faoi chur chun feidhme a dhéanamh ar an gcéad chéim eile de na moltaí sin ón Athbhreithniú ar Chuid 5.

2. Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2023

2.1 Na Príomhfhionnachtana don bhliain 2023

- Ba mhó ná 4% den dara huair riamh an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas. Tháinig méadú ar an líon fostaíthe a thuairiscigh míchumas, ó 10,631 fhostaí sa bhliain 2022 go 11,254 fhostaí sa bhliain 2023 (méadú 623 fhostaí, nó méadú 5.9%). Mar sin féin, d'fhan an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas ag 4.1%, an céatadán céanna a bhí ann sa bhliain 2022. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an méadú suntasach sa líon iomlán fostaíthe san earnáil phoiblí sa bhliain 2023 (méadú 13,313 fhostaí, nó méadú 5.1%) agus toisc gur tháinig laghdú ar an líon agus ar an gcéatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas in FSS ó 2,331 fhostaí (2.3%) go 1,735 fhostaí (1.6%) sa bhliain 2023. Tháinig laghdú ar an líon comhlachtaí poiblí san earnáil phoiblí freisin, ó 213 chomhlacht poiblí sa bhliain 2022 go 210 comhlacht poiblí sa bhliain 2023, toisc gur chumaisc roinnt comhlachtaí poiblí i gcomhlachtaí poiblí eile.
- Sa bhliain 2023, rinne 191 chomhlacht poiblí (91.0%) an íos-sprioc 3% a bhaint amach nó a shárú, i gcomparáid le 193 chomhlacht poiblí (90.6%) sa bhliain 2022.
- Sa bhliain 2023, níor shroich 19 gcomhlacht poiblí (9.0%) an íos-sprioc 3%, i gcomparáid le 20 comhlacht poiblí (9.4%) sa bhliain 2022.
- Sháraigh an earnáil phoiblí ar an iomlán an íos-sprioc 3% don tríú bliain déag as a chéile.
- Cuireann ÚNM in iúl don earnáil phoiblí arís agus arís eile go dtiocfaidh méadú ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta le haghaidh thuairisceáin Chuid 5 don bhliain 2024 ó 3% go 4.5%. Sa bhliain 2023, chomhlíon 160 comhlacht poiblí (76.2%) an sprioc 4.5% atá le teacht, i gcomparáid le 141 chomhlacht poiblí (66.2%) sa bhliain 2022. Chuir ÚNM in iúl do chomhlachtaí poiblí freisin go dtiocfadh méadú ar an íos-sprioc reachtúil fostaíochta le haghaidh thuairisceáin Chuid 5 don bhliain 2025 ó 4.5% go 6%. Sa bhliain 2023, chomhlíon 110 comhlacht poiblí (52.4%) an sprioc 6% atá le teacht, i gcomparáid le 103 chomhlacht poiblí (48.4%) sa bhliain 2022.

Tugann ÚNM dá aire gur ag méadú gach bliain a bheidh an líon fostaíthe agus an céatadán d'fhostaithe a chomhlíonann na spriocanna 4.5% agus 6% atá le teacht. Má tá an earnáil phoiblí chun na spriocanna sin a bhaint amach ar bhealach tráthúil, áfach, beidh ar chomhlachtaí poiblí tógáil ar an dul chun cinn atá déanta acu go dtí seo agus tús áite a thabhairt dá bhfeidhmíocht faoi Chuid 5 a fheabhsú.

I dTábla 2, léirítear an dul chun cinn a rinne an earnáil phoiblí ar an íos-sprioc 3% a bhaint amach idir an bhliain 2007, tráth a thosaigh ÚNM ag déanamh faireachán ar fhostú daoine a bhfuil míchumas orthu, agus an bhliain 2023. Idir na blianta 2007 agus 2013, tháinig laghdú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí. Bhí luaineacht ann sa líon iomlán fostaithe a thuairiscigh míchumas thar an tréimhse chéanna. Tháinig méadú bliain ar bhliain ar an líon iomlán fostaithe san earnáil phoiblí ón mbliain 2014 i leith. Ag deireadh na bliana 2023, b'ionann an líon iomlán fostaithe sna comhlachtaí iomchuí earnála poiblí agus 273,747 bhfostaí. Is méadú 13,313 fhostaí (+5.1%) é sin i gcomparáid le figiúirí na bliana 2022.

Tháinig méadú ó bhliain go bliain ón mbliain 2014 go dtí an bhliain 2017 ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas. Dá ainneoin sin, tháinig laghdú ar an líon agus céatadán sin go 3.3% sa bhliain 2018 agus go 3.1% sa bhliain 2019.

Tháinig méadú sa bhliain 2020 an athuair ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas. Mar gheall ar an méadú foriomlán sa líon fostaithe san earnáil phoiblí, áfach, bhí an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas cothrom le 3.1% go fóill. Sa bhliain 2021, mhéadaigh an céatadán foriomlán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 3.6%. Mhéadaigh sé sin go 4.1% sa bhliain 2022 agus d'fhan sé ag 4.1% sa bhliain 2023.

Tábla 2 Treochtaí i dtreo an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh, 2007-2023

Bliain	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas
2007	238,833	5,879	2.5%
2008	229,000	6,083	2.7%
2009	219,653	6,380	2.9%
2010	210,249	5,748	2.7%
2011	205,068	6,171	3.0%
2012	197,588	6,611	3.3%
2013	192,576	6,464	3.4%
2014	195,278	6,771	3.5%
2015	201,341	7,245	3.6%
2016	213,991	7,457	3.5%
2017	225,809	7,796	3.5%
2018	231,784	7,584	3.3%
2019	238,174	7,319	3.1%
2020	245,190	7,637	3.1%
2021	251,552	9,011	3.6%
2022	260,434	10,631	4.1%

Bliain	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán na bhfostaithe a thuairiscigh míchumas
2023	273,747	11,254	4.1% ²

2.2 Anailís de réir an chineáil comhlachta earnála poiblí

Rinne na cúig chineál comhlachta phoiblí sonraí na bliana 2023 a anailísiú:

- Comhlachtaí Tráchtála
- Ranna Rialtais
- Comhlachtaí Rialtais Áitiúil
- Comhlachtaí Neamhthráchtála
- Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh

Comhlachtaí Tráchtála

Áirítear cuideachtaí iompair agus fuinnimh an Stáit leis an earnáil Comhlachtaí Tráchtála. Sa bhliain 2023, bhí an earnáil seo freagrach as 15.6% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Tháinig méadú 2,486 fhostaí (+6.2%) ar an líon foriomlán fostaithe idir na blianta 2022 agus 2023, agus é ag ardú go 42,605 fhostaí. Tháinig méadú 72 fhostaí (+3.6%) ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, agus é ag ardú go 2,081 fhostaí. Laghdaigh an céatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu i gComhlachtaí Tráchtála ó 5.0% sa bhliain 2022 go 4.9% sa bhliain 2023. San iomlán, bhain 92.3% de na comhlachtaí sa chatagóir sin an sprioc amach, i gcomparáid le 96.0% sa bhliain 2022.

Sa bhliain 2023, cuireadh AerNav Ireland, comhlacht poiblí nua, leis an gcatagóir sin. Tá AerNav Ireland catagóirithe mar Chomhlacht Tráchtála.

² Ba í an Tuarascáil ar Chomhlíonadh don bhliain 2006 an chéad tuarascáil a tháinig ó UNM. Ba í sin an chéad bhliain a bhí an córas faireacháin agus tuairiscithe nua i bhfeidhm. Ba chúram dúshlánach é forbairt a dhéanamh ar mhodhanna cruinne cuí le haghaidh na sonraí faoin líon daoine a bhfuil míchumas orthu atá fostaithe i gcomhlachtaí difriúla a ghabháil. Mar gheall ar a dheacra agus a chasta a bhí an cúram, níor cuireadh i láthair i roinnt de na sonraí a tugadh i dtuarascáil na bliana 2006 léargas iomlán cruinn ar iarrachtaí agus éachtaí bunúsacha roinnt de na comhlachtaí poiblí lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní luaitear sa tábla seo na sonraí ó dtuarascáil na bliana 2006.

Ranna Rialtais

Sa bhliain 2023, bhí fostaithe de chuid Ranna Rialtais freagrach as 9.6% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Mhéadaigh an líon iomlán fostaithe i Ranna Rialtais ó 24,639 bhfostaí sa bhliain 2022 go 26,326 fhostaí sa bhliain 2023 (+6.8%). Tháinig méadú 294 fhostaí (+19.7%) ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu idir na blianta 2022 agus 2023, agus é ag ardú go 1,793 fhostaí. Mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas go 6.8% sa bhliain 2023, i gcomparáid le 6.0% sa bhliain 2022. Sháraigh na Ranna Rialtais uile an íos-sprioc 3% don bhliain 2023 – ba í sin an dóú bliain déag as a chéile inar sháraigh na Ranna uile an sprioc reatha.

Rialtas Áitiúil

Áirítear comhairlí cathrach agus contae agus comhlachtaí eile údaráis áitiúil leis an earnáil Rialtais Áitiúil. Sa bhliain 2023, bhí an earnáil seo freagrach as 12.7% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Tháinig méadú 1,252 fhostaí (+3.7%) ar an líon foriomlán fostaithe idir na blianta 2022 agus 2023, agus é ag ardú go 34,741 fhostaí. Tháinig méadú 204 dhuine (+13.0%) ar an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas, agus é ag méadú ó 1,573 fhostaí go 1,777 bhfostaí sa bhliain 2023. Mhéadaigh an céatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu ar fud na catagóire Rialtais Áitiúil ina hiomláine ó 4.7% sa bhliain 2022 go 5.1% sa bhliain 2023. San iomlán, bhain 97.1% de na comhlachtaí sa chatagóir sin an sprioc amach, i gcomparáid le 94.3% sa bhliain 2022.

Dhá chomhlacht phoiblí sa chatagóir sin nár bhain an sprioc amach sa bhliain 2022 ba ea Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair. Bhí níos lú ná 25 fhostaí ag an dá cheann de na comhlachtaí poiblí sin. Sa bhliain 2023, bhí níos lú ná 25 fhostaí ag Tionól Réigiúnach an Oirthir fós agus níor bhain sé an íos-sprioc 3% amach. Thuairiscigh Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair méadú ina líon fostaithe ó 20 fostaí sa bhliain 2022 go 24 fhostaí sa bhliain 2023, áfach, agus thuairiscigh beirt (8.3%) dá fhostaithe míchumas.

Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh

Áirítear leis an earnáil seo comhlachtaí a bhfuil a bhfostaithe aicmithe mar státseirbhísigh, amhail na Coimisinéirí Ioncaim, an Phríomh-Oifig Staidrimh, Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Sa bhliain 2023, bhí gníomhaireachtaí den sórt sin freagrach as 6.6% d'fhórsa saothair na hearnála poiblí. Tháinig méadú 596 fhostaí (+3.4%) ar an líon fostaithe san earnáil seo idir na blianta 2022 agus 2023, agus é ag ardú go 17,981 fhostaí. Tháinig méadú 320 fostaí (+34.2%) ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus é ag ardú go 1,256 fhostaí. Bhí méadú beag ann sa chéatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus é ag ardú ó 5.4% sa bhliain 2022 go 7.0% sa bhliain 2023. San iomlán, bhain 82.1% de na comhlachtaí san earnáil seo an sprioc amach, ar laghdú é i gcomparáid le 85.0% sa bhliain 2022.

Sa bhliain 2023, bhí an chatagóir seo comhlachtaí poiblí ag déileáil leis na hathruithe seo a leanas:

- Chumaisc an tÚdarás Clárúcháin Maoine agus an Oifig Luachála chun teacht chun bheith ina chomhlacht darb ainm Tailte Éireann. Tá Tailte Éireann aicmithe mar Chomhlacht Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dó.
- Chuaigh comhlacht poiblí nua, eadhon an Coimisiún Toghcháin, isteach sa chatagóir seo.

Comhlachtaí Neamhthráchtála

Is í seo an earnáil is mó sa tseirbhís phoiblí toisc go gcuimsíonn sí FSS, atá ar an bhfostóir is mó san earnáil phoiblí. Sa bhliain 2023, bhí an earnáil seo freagrach as beagán níos mó ná leath fhórsa saothair na hearnála poiblí (55.6%), faoi mar a bhí amhlaidh sa bhliain 2022. Tháinig méadú 7,292 fhostaí (+5.0%) ar an líon fostaithe san earnáil seo idir na blianta 2022 agus 2023, agus é ag ardú go 152,094 fhostaí. Tháinig laghdú 267 bhfostaí (+5.8%) ar an líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus é ag laghdú go 4,357 bhfostaí. Bhí laghdú ann sa chéatadán d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus é ag laghdú ó 3.2% sa bhliain 2022 go 2.9% sa bhliain 2023. San iomlán, bhain 90.1% de Chomhlachtaí Neamhthráchtála an sprioc amach, ar méadú é i gcomparáid le 88.3% sa bhliain 2022.

Sa bhliain 2023, bhí an chatagóir seo comhlachtaí poiblí ag déileáil leis na hathruithe seo a leanas:

- Chumaisc Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Dún na nGall, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh-Maigh Eo, agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Sligeach, ina gcomhlacht poiblí amháin – Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh.
- Chumaisc an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta chun teacht chun bheith ina chomhlacht darb ainm AerNav Ireland. Mar atá luaite cheana, tá AerNav Ireland catagóirithe mar Chomhlacht Tráchtála.
- Chumaisc Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI) i dTailte Éireann. Mar atá luaite thuas, tá Tailte Éireann aicmithe mar Chomhlacht Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dó.
- D'aistrigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ó bheith ina Chomhlacht Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dó chun bheith ina Chomhlacht Poiblí Neamhthráchtála.

Achoimre ar an anailís de réir chineál an chomhlachta phoiblí

Cuirtear achoimre ar an anailís de réir chineál an chomhlachta phoiblí i láthair i dTábla 3.

Tábla 3 Sonraí de réir chineál an chomhlachta phoiblí, 2022 agus 2023

An cineál comhlachta earnála poiblí	Iomlán na bhfostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán an fhórsa saothair ar tuairiscíodh air faoi Chuid 5	An % de chomhlachtaí a bhain an sprioc amach	An líon comhlachtaí poiblí
Comhlacht Tráchtála 2023	42,605	2081	4.9%	15.6%	92.3%	26
Comhlacht Tráchtála 2022	40,119	2,009	5.0%	15.4%	96.0%	25
Athrú 2022/2023	+2,486	+72	-0.1	+0.2	-3.7%	+1
Roinn Rialtais 2023	26,326	1,783	6.8%	9.6%	100.0%	19
Roinn Rialtais 2022	24,639	1,489	6.0%	9.5%	100.0%	19
Athrú 2022/2023	+1,687	+294	+0.8	+0.1	0	0
Rialtas Áitiúil 2023	34,741	1,777	5.1%	12.7%	97.1%	35
Rialtas Áitiúil 2022	33,489	1,573	4.7%	12.9%	94.3%	35
Athrú 2022/2023	+1,252	+204	+0.4	-0.2	+2.8%	0
Comhlacht Neamhthráchtála 2023	152,094	4357	2.9%	55.6%	90.1%	91
Comhlacht Neamhthráchtála 2022	144,802	4,624	3.2%	55.6%	88.3%	94
Athrú 2022/2023	+7,292	-267	-0.3	0	+1.8	-3
Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh mar Fhoireann dóibh 2023	17,981	1,256	7.0%	6.6%	82.1%	39
Comhlachtaí Poiblí a bhfuil Státseirbhísigh	17,385	936	5.4%	6.7%	85.0%	40

An cineál comhlachta earnála poiblí	Iomlán na bhfostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán an fhórsa saothair ar thuairiscíodh air faoi Chuid 5	An % de chomhlachtaí a bhain an sprioc amach	An líon comhlachtaí poiblí
mar Fhoireann dóibh 2022						
Athrú 2022/2023	+596	+320	+1.6	-0.1	-2.9	-1
Iomláin 2023	273,747	11,254	4.1%	100.0%	91.0%	210
Iomláin 2022	260,434	10,631	4.1%	100.0%	90.6%	213
Athrú 2022/2023	+13,313	+623	0	0	+0.4	-3

2.3 Anailís de réir mhéid an chomhlachta earnála poiblí

Comhlachtaí poiblí a bhfuil níos lú ná 100 ball foirne acu

Sa bhliain 2023, ba ann do 61 chomhlacht san earnáil phoiblí a raibh níos lú ná 100 fostaí acu, a d'fhostaigh 1.0% d'iomlán an fhórsa saothair (féach Tábla 3).

D'fhostaigh an chatagóir méide seo 2,607 nduine, ar thuairiscigh 8.4% díobh (218 nduine) míchumas. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 1.9% i gcomhlachtaí poiblí den mhéid sin.

Áirítear leis an gcatagóir seo comhlachtaí poiblí atá an-bheag ó thaobh méide de agus a fhostaíonn idir ceathrar agus fiche duine (16 cinn den 61 eagraíocht). De na comhlachtaí sin a bhfuil 20 fostaí nó níos lú acu, thuairiscigh 10 gcinn nach raibh aon fhostaithe a bhfuil míchumas orthu acu sa bhliain 2023.

Admhaíonn ÚNM gurb amhlaidh, i gcás gur comhlacht an-bheag a bhfuil níos lú ná 50 ball foirne aige é comhlacht poiblí, go ndéanann méid an chomhlachta difear dá chumas an íos-sprioc 3% a chomhlíonadh. Tá imeacht ball foirne amháin a bhfuil míchumas air/uirthi trí scor, trí shos gairme nó trí scéim iomarcaíochta deonaí ar cheann de na príomhthosca a theip ar chomhlachtaí poiblí beaga an íos-sprioc 3% a bhaint amach. I gcás comhlachtaí den mhéid sin, is ionann ball foirne amháin sa bhreis a chailleadh (nó a fhostú) agus an difríocht idir an íos-sprioc comhlíonta 3% a chomhlíonadh agus gan í a chomhlíonadh.

I gcomhlachtaí poiblí den mhéid bheag sin, tá seans ann freisin nach mbeidh fostaithe a bhfuil míchumas orthu ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl agus is féidir leis sin difear a dhéanamh freisin do chumas na gcomhlachtaí poiblí sin an dóigh a gcomhlíonann siad na hoibleagáidí atá orthu faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005 a thuairisciú go cruinn.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 ball foirne agus 999 mball foirne acu

Bhí ag an gcatagóir méide seo an líon ab airde comhlachtaí poiblí (104 cinn), a d'fhostaigh 14.5% d'iomlán an fhórsa saothair sa bhliain 2023. Fostaíodh 39,630 duine san iomlán sa chatagóir seo, ar thuairiscigh 6.5% díobh (2,570 duine) míchumas. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 22.8% i gcomhlachtaí poiblí den mhéid sin.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 1000 ball foirne agus 4999 mball foirne acu

Sa bhliain 2023, ba ann do 37 gcomhlacht phoiblí a raibh idir 1,000 fostaí agus 4,999 bhfostaí acu, a d'fhostaigh 28.7% d'iomlán an fhórsa saothair. D'fhostaigh an cohórt seo 78,542 fhostaí, ar thuairiscigh 5.5% díobh (4,326 fhostaí) míchumas. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 38.4% i gcomhlachtaí poiblí den mhéid sin.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná 5,000 ball foirne acu

Sa bhliain 2023, bhí ag an gcatagóir méide seo an líon ba lú comhlachtaí poiblí (8 gcinn) agus d'fhostaigh sí 55.9% d'iomlán an fhórsa saothair. D'fhostaigh sí 152,968 nduine, ar thuairiscigh 2.7% díobh (4,140 duine) míchumas. D'iomlán na ndaoine san fhórsa saothair a thuairiscigh míchumas, fostaíodh 36.8% sna comhlachtaí poiblí móra sin.

Is iad seo na comhlachtaí poiblí sa chatagóir seo agus an céatadán tuairiscithe d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu a bhí acu don bhliain 2023:

- | | | |
|--|------|------------------------|
| • An Post | 3.8% | (4.2% sa bhliain 2022) |
| • Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 4.9% | (4.8% sa bhliain 2022) |
| • An Roinn Coimirce Sóisialaí | 6.2% | (5.3% sa bhliain 2022) |
| • Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 4.0% | (4.2% sa bhliain 2022) |
| • Bord Soláthair an Leictreachais (BSL) | 3.8% | (3.4% sa bhliain 2022) |
| • FSS | 1.6% | (2.3% sa bhliain 2022) |
| • Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 6.6% | (3.9% sa bhliain 2022) |
| • Ospidéal San Séamas | 6.9% | (6.3% sa bhliain 2022) |

Achoimre ar an anailís de réir mhéid an chomhlachta phoiblí

Mionsonraítear an achoimre ar an anailís de réir mhéid an chomhlachta phoiblí i dTábla 4.

Tábla 4 Sonraí de réir mhéid an chomhlachta poiblí 2023

An líon fostaithe	An líon comhlachtaí poiblí	An líon iomlán fostaithe	An líon fostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'fhostaithe a thuairiscigh míchumas	An % d'iomlán fhórsa saothair na hearnála poiblí	An % d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu mar chéatadán de na fostaithe uile a bhfuil míchumas orthu
1-99	61	2,607	218	8.4%	1.0%	1.9%
100-999	104	39,630	2,570	6.5%	14.5%	22.8%
1,000-4,999	37	78,542	4,326	5.5%	28.7%	38.4%
5,000 +	8	152,968	4,140	2.7%	55.9%	36.8%
Iomlán 2023	210	273,747	11,254	4.1%	100.0%	100.0%

2.4 Athruithe i méid na gcomhlachtaí poiblí

Is féidir leis an líon iomlán fostaithe i gcomhlachtaí poiblí agus/nó leis an líon fostaithe a thuairiscigh míchumas athrú ó bhliain go bliain ina lán cásanna. I mblianta roimhe sin, níor cuireadh aon cheisteanna sonracha ar chomhlachtaí poiblí faoi cén fáth ar tháinig méaduithe suntasacha nó laghduithe suntasacha ar a líon fostaithe i ndáil leis sin. I bhfianaise an mhéadaithe fhoriomláin leantaigh sa líon iomlán fostaithe san earnáil poiblí gach bliain, bhí spéis ag ÚNM sa chúis leis na hathruithe sin i ndáil le comhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná 100 fostaí acu.

I gcás thuairisceáin Chuid 5 don bhliain 2023, fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí acu ar tháinig méadú 10% nó níos mó nó laghdú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe, nó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu, ón mbliain 2022 i leith nó nár tháinig. Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí a bhfuil níos mó ná 1,000 fostaí acu ar tháinig méadú 5% nó níos mó nó laghdú 5% nó níos mó ar a líon fostaithe, nó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu, ón mbliain 2022 i leith nó nár tháinig.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí acu

Sa bhliain 2023, bhí idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí ag leath na gcomhlachtaí poiblí, beagnach (104 chomhlacht poiblí, nó 49.5%). I gcás roinnt de na comhlachtaí sin, tháinig athruithe ar a líon iomlán fostaithe nó ar a líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu:

- I gcás naoi gcinn is fiche de na comhlachtaí poiblí sin (27.9%), **tháinig méadú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe** ón mbliain 2022 i leith. Maidir leis na cúiseanna leis na méaduithe sin, bhain siad den chuid is mó le hinfheistíocht mhéadaithe agus ceaduithe méadaithe le haghaidh poist nua, le méaduithe san fhórsa saothair chun an t-ualach oibre/riachtanais ghnó a chomhlíonadh, le hearcaíocht leanúnach agus le líonadh leanúnach folúntas. Luaigh comhlacht poiblí amháin go raibh aige córas nua acmhainní daonna, rud a d'fhág go bhfuil sé níos fusa an fhoireann ar fad a chomhaireamh, agus bhí comhlacht poiblí eile den tuairim gur tháinig a mhéadú féin as a chlár luath-thallainne, as a intéirneachtaí, as a phrintíseachtaí agus as a chéimithe.
- Thuairiscigh naoi gcinn is tríocha de na comhlachtaí poiblí sin (37.5%) gur tháinig **méadú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu** ón mbliain 2022 i leith. Ba iad na príomhchúiseanna leis an méadú sin ná méadú san fhórsa saothair, agus baill foirne nua ag tuairisciú a stádas míchumais, agus méadú sa líon foirne atá ann cheana a nocht míchumas. Thug roinnt comhlachtaí poiblí le fios gur tháinig an méadú sin ar an líon fostaithe atá ann cheana a thuairiscigh míchumas as feacht mhéadaithe san eagraíocht ar an míchumas agus as socruithe réasúnacha agus bearta eile a bhí i bhfeidhm acu chun cabhrú le fostaithe bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl. Thuairiscigh comhlachtaí poiblí eile gur chabhraigh suirbhéanna gan ainm a sheoladh le níos mó fostaithe a bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl. Luaigh comhlacht poiblí amháin gur chuir sé a shuirbhé ar líne agus gur chuir sé in iúl nach mbeadh ainmneacha ar áireamh i sonraí an tsuirbhé agus go gcosnófaí na sonraí sin.
- I gcás dhá cheann de na comhlachtaí poiblí sin (1.9%), **tháinig laghdú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe** ón mbliain 2022 i leith. Ba iad na cúiseanna leis sin ná na heagraíochtaí a bheith i mbun cumaisc nó athstruchtúraithe.
- I gcás sé cinn de na comhlachtaí poiblí sin (5.8%), tháinig **laghdú 10% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu** ón mbliain 2022 i leith. Chuir comhlachtaí poiblí na laghduithe sin síos d'athruithe foirne, do bhaill foirne a bhfuil míchumas orthu a bheith ag fágáil na heagraíochta, do dhrochráta freagartha ar an suirbhé foirne, agus do spleáchas ar an bhfoireann é a chomhlánú.

Comhlachtaí poiblí a bhfuil 1000 fostaí nó níos mó acu

Sa bhliain 2023, bhí 1000 fostaí nó níos mó ag 45 chomhlacht phoiblí (21.4%). I gcás roinnt de na comhlachtaí sin, tháinig athruithe ar a líon iomlán fostaithe nó ar a líon iomlán fostaithe a bhfuil míchumas orthu:

- I gcás ceithre cinn déag de na comhlachtaí poiblí sin (31.1%), **tháinig méadú 5% nó níos mó ar a líon fostaithe** ón mbliain 2022 i leith. Ar na cúiseanna leis na méaduithe sin bhí méadú sa soláthar foirne chun an t-ualach oibre/riachtanais ghnó a chomhlíonadh, róil nua, feachtas earcaíochta, athstruchtúrú, agus méadú cistiúcháin a fháil.
- I gcás ceithre cinn is fiche de na comhlachtaí poiblí sin (53.3%), **tháinig méadú 5% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu** ón mbliain 2022 i leith. B'ionann an-chuid de na cúiseanna a thug comhlachtaí poiblí leis an méadú sin agus na cúiseanna sin a thug comhlachtaí poiblí a bhfuil idir 100 fostaí agus 999 bhfostaí acu. Bhí roinnt cúiseanna breise ann leis sin, áfach. Áiríodh leo sin, mar shampla: cineálacha míchumais a bheith faighte ag baill foirne atá ann cheana; tuilleadh feasachta ar an suirbhé/áireamh agus méadú sa líon freagraí air; simplíocht a suirbhé; nochtadh a bheith á spreagadh ag líon méadaithe tionscnamh agus gníomhartha sa chomhlacht chun tacú leo sin a bhfuil míchumas orthu (e.g., oiliúint, faisnéis do bhaill foirne nua maidir le socruithe, seirbhís an Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Míchumas, líonra míchumais #ibelong); freagracht as an suirbhé a athrú ón Rannóg Acmhainní Daonna chuig an Rannóg um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus fórsa saothair atá ag dul in aois.
- I gcás dhá cheann de na comhlachtaí poiblí sin (4.4%), **tháinig laghdú 5% nó níos mó ar a líon fostaithe** ón mbliain 2022 i leith. Ba iad na cúiseanna leis sin ná gur tháinig conarthaí sealadacha chun deiridh agus gur tugadh faoi chlár iomarcaíochta deonaí a bhí stiúrtha ag ath-imscaradh.
- I gcás trí cinn de na comhlachtaí poiblí sin (6.7%), **tháinig laghdú 5% nó níos mó ar a líon fostaithe a bhfuil míchumas orthu** ón mbliain 2022 i leith. Ba iad na cúiseanna leis sin nár gur éirigh fostaithe faoi mhíchumas as ar fhorais sláinte, gurbh ísle na rátaí freagartha ná na rátaí freagartha ar shuirbhé foirne na bliana 2023, agus gurbh ísle an líon ball foirne a nocht míchumas.

3. Bearta chun oibleagáidí Chuid 5 a chomhlíonadh sa bhliain 2023

Tugadh ceisteanna nua isteach i bpróiseas thuairisceáin Chuid 5 don bhliain 2023 chun deis a thabhairt do chomhlachtaí poiblí faisnéis a sholáthar maidir leis na bearta a bhí i bhfeidhm acu chun a n-oibleagáidí faoi Chuid 5 a chomhlíonadh. Grúpáladh na bearta sin faoi na catagóirí seo a leanas:

- Earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú
- Tacú le fostaithe a bheith ar a gcompord le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl
- Socruithe réasúnacha a sholáthar
- Tacaí do bhainisteoirí líne chun cabhrú le fostaithe faoi mhíchumas socruithe réasúnacha nó cineálacha eile cúnamh a rochtain
- Páirt a ghlacadh i gcláir thaithí oibre do dhaoine a bhfuil míchumas orthu

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí freisin an ndearna siad idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin faoi seach nó nach ndearna. Mura ndearna siad idirchaidreamh leis na Coistí sin, iarradh orthu cúiseanna a thabhairt le cén fáth nach ndearnadh an t-idirchaidreamh sin. **Féach rannán 3.6 le haghaidh anailís ar na freagraí uathu.**

Faoi alt 48 den Acht um Míchumas 2005, tá oibleagáid ar Choistí Faireacháin tacú le comhlachtaí poiblí atá faoina sainchúram chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht faoi Chuid 5. Imríonn na Coistí Faireacháin príomhról, i gcomhar le ÚNM, i gcabhrú le comhlachtaí poiblí dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an íos-sprioc 4.5% a bhaint amach faoin mbliain 2024 agus i dtreo an íos-sprioc 6% a bhaint amach faoin mbliain 2025. Tá sé tábhachtach go mbeadh idirchaidreamh ann idir na Coistí sin agus na comhlachtaí poiblí ina roinn faoi seach.


3.1 Earcú agus Coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú

Ba ann do roinnt príomhbheart a bhí i bhfeidhm ag comhlachtaí poiblí chun earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú, chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht faoi Chuid 5. An beart ba choitianta a bhí i bhfeidhm, agus é i bhfeidhm in 200 comhlacht phoiblí (95.2%), ba ea socruithe réasúnacha a sholáthar i bpróisis earcaíochta (féach Fíor 3.1). Ba iad seo a leanas na bearta ba choitianta ina dhiaidh sin: Oiliúint comhionannais míchumais a sholáthar do gach fostaí, a bhí i bhfeidhm in 128 gcomhlacht phoiblí (61.0%); gealltanais foirmiúil (scríofa) go soláthrófaí timpeallacht fhisiciúil oibre atá deartha go huilíoch chun go mbeidh sí éasca le rochtain, le tuiscint agus le húsáid

do gach duine, a bhí i bhfeidhm in 102 chomhlacht phoiblí (48.6%); cuspóir sa Straitéis Acmhainní Daonna/sa Straitéis Chorpáraideach/sa Straitéis um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú óna n-eagraíocht chun earcú agus coinneáil daoine faoi mhíchumas a mhéadú, a bhí i bhfeidhm in 101 chomhlacht phoiblí (48.1%); gealltanais foirmiúil (scríofa) go soláthrófaí cumarsáidí (digiteacha, scríofa, labhartha agus comharthaithe) atá deartha go huilíoch, a bhí i bhfeidhm i 94 chomhlacht phoiblí (44.8%); agus feachtas earcaíochta sonrach do dhaoine faoi mhíchumas, a bhí i bhfeidhm in 22 chomhlacht phoiblí (10.5%).

Mura raibh bearta den sórt sin i bhfeidhm, ba é an beart ba choitianta a bhí á fhorbairt ná feachtais earcaíochta shonracha do dhaoine faoi mhíchumas (168 gcomhlacht phoiblí, nó 78.1%). Ba iad seo a leanas na bearta ba choitianta a bhí á bhforbairt ina dhiaidh sin: gealltanais go soláthrófaí cumarsáidí atá deartha go huilíoch, a bhí i bhfeidhm i 67 gcomhlacht phoiblí (31.9%); cuspóir straitéiseach chun earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú, a bhí i bhfeidhm in 61 chomhlacht phoiblí (29.0%); oiliúint comhionannais míchumais a chur ar an bhfoireann, a bhí i bhfeidhm in 51 chomhlacht phoiblí (24.9%); gealltanais go soláthrófaí timpeallacht fhisiciúil atá deartha go huilíoch, a bhí i bhfeidhm i 48 gcomhlacht phoiblí (22.9%); agus socruithe réasúnacha sa phróiseas earcaíochta, a bhí i bhfeidhm i gcúig chomhlacht phoiblí (2.4%).

Fíor 3.1 Bearta le haghaidh earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a mhéadú



Tugadh cuireadh do chomhlachtaí poiblí chun aon fhaisnéis eile a thabhairt faoi na bearta atá á ndéanamh ag a n-eagraíocht, nó a bhfuil sé beartaithe ag a n-eagraíocht iad a dhéanamh, chun feabhas a chur ar earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu:

- Thagair ceithre chomhlacht phoiblí is daichead (21.0%) dá gcleachtais earcaíochta mar chumasóir chun feabhas a chur ar earcú agus coinneáil. Luadh sna freagraí uathu go gcloíonn siad le Cód Cleachtais na Státseirbhíse um Fhostú Daoine faoi Míchumas, go bhfógraítear sna hábhair earcaíochta uathu gur fostóirí comhdheise iad agus/nó go bhfuil siad tiomanta d'éagsúlacht agus cuimsiú, agus gur athbhreithníodh a n-ábhair agus a gcur chuige, nó go bhfuil a n-ábhair agus a gcur chuige á n-athbhreithniú, agus aird á tabhairt ar dhaoine a bhfuil míchumas orthu. Thug RTÉ breac-chuntas ar conas a cheap sé cur chuige nua i leith for-rochtana agus earcaíochta le haghaidh a chlár intéirneachta chun éagsúlacht agus cuimsiú a chothú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

“tionscnaimh for-rochtana nua a thabhairt isteach roimh iarratas a dhéanamh (seimineáir Ghréasáin, margaíocht spriocdhírthe, seoltaí poist amach) agus an próiseas earcaíochta a athdhearadh (mar shampla gan aon CVanna ná litreacha cumhdaigh a bheith ann, cleachtaí grúpa agus agallaimh ghearra ar líne)”.

- Thagair ocht gcomhlacht phoiblí is tríocha (18.1%) do dhóigheanna a dtacaítear le baill foirne ina n-eagraíocht, á chur in iúl den chuid is mó go soláthraíonn siad socruithe réasúnacha do bhaill foirne a bhfuil míchumas orthu agus go gcinntíonn siad go mbíonn baill foirne ar an eolas faoi thacaí, agus roinnt díobh á lua go bhfuil Pas Socruithe Réasúnacha nó beartas socruithe réasúnacha i bhfeidhm acu. Luaigh dhá chomhlacht go bhfuil siad á fhiosrú conas is féidir leo tacaíocht níos fearr a thabhairt dá mbaill foirne a bhfuil míchumas orthu.
- Thagair ocht gcomhlacht phoiblí is fiche (13.3%) do na cúrsaí oiliúna a soláthraíodh do bhaill foirne, ar cuireadh roinnt díobh ar ghrúpaí sonracha (e.g., earcaíocht chuimsitheach agus éagsúlacht agus cuimsiú/feasacht ar an míchumas do phearsanra acmhainní daonna/don lucht bainistíochta/do phainéil agallaimh) agus ar soláthraíodh roinnt díobh don fhoireann ar fad, lenar áiríodh, mar shampla, cumarsáidí inrochtana, oiliúint i réimsí sonracha amhail an néara-éagsúlacht, ADHD, feasacht ar an uathachas, feasacht ar an mbodhaire, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), oiliúint sa chárta JAM, agus oiliúint i nDualgas na hEarnála Poiblí.
- Rinne seacht gcomhlacht phoiblí is fiche (12.9%) tagairt do na baill foirne atá ar fáil acu le haghaidh tacaíochta a thabhairt do bhaill foirne a bhfuil míchumas orthu, lena n-áirítear Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, Acmhainní Daonna, Oifigigh Rochtana, agus baill foirne éagsúla a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú.
- Rinne ceithre chomhlacht phoiblí is fiche (11.4%) tagairt do bheartais, straitéisí, pleananna agus ráitis atá i bhfeidhm acu agus atá ábhartha d’fhostaithe faoi mhíchumas, nó luaigh siad go bhfuil na beartais agus na pleananna uathu á n-athbhreithniú le hionchur ón bhfoireann. Luaigh FSS go raibh sé ag úsáid Uirlis Measúnachta Tionchair Comhionannais chun beartais, treoirlínte agus nósanna imeachta fórsa saothair atá nua agus atá ann cheana a athbhreithniú agus iad a phrofáil ó thaobh comhionannais de.
- Luaigh trí chomhlacht phoiblí is fiche (11.0%) go nglacann siad páirt i gcláir thaithí oibre nó cláir socrúcháin mac léinn do na daoine sin a bhfuil míchumas orthu, nó go bhfuil siad i mbun dul isteach i scéim den sórt sin.

- Luaigh seacht gcomhlacht déag phoiblí (8.1%) go raibh a n-eagraíocht ag cur feabhas ar inrochtaineacht a gcumarsáide agus a bhfaisnéise (lena n-áirítear a suíomhanna Gréasáin).
- Thagair trí chomhlacht déag phoiblí (6.2%) do ghnéithe d'inrochtaineacht a dtimpeallachtaí fisiciúla agus do mheasúnuithe chun feabhas a chur ar inrochtaineacht.
- Thagair naoi gcomhlacht phoiblí (4.3%) do dhóigheanna eile a gcuireann siad earcú agus coinneáil fostaithe a bhfuil míchumas orthu chun cinn, lena n-áirítear Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh, a gcultúr éagsúil cuimsitheach a fhógairt, tacaíocht folláine a thabhairt don fhoireann, córas páirtíochta a bheith acu nó cóitseáil a sholáthar d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu, agus cód feistis na heagraíochta a mhaolú. Luaigh Fáilte Éireann go ndearna sé an méid seo a leanas:

“...cur i bhfeidhm a dhéanamh ar Inclusio, ar ardán éagsúlachta agus cuimsithe é atá bunaithe ar eolaíocht agus treoraithe ag sonraí, a forbraíodh in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) agus lena ndéantar cultúr eagraíochtaí a thomhas agus a aistriú go dearfach. Leis na léargais ón ardán, cabhraíodh lenár dtuiscint ar éagsúlacht agus eispéiris na ndaoine sin ar fud na heagraíochta a leathnú, na chéad chéimeanna eile a shainaithint, agus cabhrú linn aistriú i dtreo leibhéal cuimsithe níos doimhne in Fáilte Éireann, agus plean gníomhaíochta eolach a thógáil don tréimhse 2023/2024”
- Thagair seacht gcomhlacht phoiblí (3.3%) do dheimhniúcháin nó comhpháirtíochtaí a raibh baint acu leo, lena n-áiríodh a bheith ina gComhpháirtithe Pobal Cleachtais le AslAm, a bheith ina bhfostóirí a thacaíonn le daoine atá néara-éagsúil nó a bhfuil uathachas orthu, a bheith ina gcomhpháirtithe sa chárta JAM, nó deimhniú cré-umha mar infheisteoirí san éagsúlacht a bheith dáfa dóibh.
- Thagair seacht gcomhlacht phoiblí (3.3%) do líonraí a bunaíodh ina n-eagraíocht agus a raibh róil éagsúla acu, lena n-áiríodh tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu agus ionadaíocht a dhéanamh dóibh, feasacht a chur chun cinn, agus eolas a dhéanamh do ghníomhaíochtaí na heagraíochta a bhaineann leis an míchumas.
- Sna freagraí uathu, luaigh sé chomhlacht phoiblí (2.9%) go bhféadfadh a dtairiscintí oibre solúbtha agus cumaisc cabhrú le feabhas a chur ar earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu.
- Luaigh sé chomhlacht phoiblí (2.9%) an t-idirchaidreamh a rinne siad, nó a raibh sé beartaithe acu é a dhéanamh, le heagraíochtaí seachtracha chun

tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu agus chun cabhrú le hearcaíocht agus coinneáil a fheabhsú.

- Thagair ceithre chomhlacht phoiblí (1.9%) d'acmhainní inmheánacha úsáideacha a bhí ar fáil acu, e.g., treoir do bhaill foirne a bhfuil míchumas orthu agus do bhainisteoirí le ball foirne a bhfuil míchumas orthu.

3.2 Bearta chun tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl

Chuir ÚNM comhairle ar chomhlachtaí poiblí arís agus arís eile maidir leis an tábhacht a bhaineann le bearta a bheith i bhfeidhm acu chun tacú le fostaithe a bheith ar a gcompond le linn dóibh a stádas míchumais a chur in iúl.

An beart ba choitianta, a bhí i bhfeidhm in 170 comhlacht poiblí (81.0%), ba ea faisnéis a sholáthar d'fhostaithe faoi na tacaí atá ar fáil dóibh (mar shampla socruithe réasúnacha agus ainm agus mionsonraí teagmhála an Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus/nó an Oifigigh Rochtana). Ina dhiaidh sin, bhí ag 136 comhlacht phoiblí (64.8%) ailt in Inlíon nó nuachtlitir a n-eagraíochta faoi na tionscnaimh atá ar bun acu chun eagraíocht Chothrom, Éagsúil agus Chuimsitheach a chruthú. Sholáthair 58 gcomhlacht phoiblí (27.6%) faisnéis ábhartha d'fhostaithe faoi mhíchumas faoi theacht chun bheith ina gcuraidh éagsúlachta ina n-eagraíocht, agus léirigh 14 comhlacht phoiblí (6.7%) físeán gearr inar labhair fostaithe faoi mhíchumas faoi na dea-eispéiris a bhí acu ina stádas míchumais a chur in iúl ina n-eagraíocht.

Iarradh ar chomhlachtaí poiblí faisnéis a sholáthar freisin faoi aon bhearta breise a bhí i bhfeidhm acu chun tacú le fostaithe a stádas míchumais a chur in iúl. Bhí an-chuid de na freagraí sin ag teacht le freagraí ar an gceist roimhe faoi earcú agus coinneáil daoine a bhfuil míchumas orthu a chur chun cinn (oiliúint éagsúil a bhaineann leis an míchumas a sholáthar, socruithe réasúnacha a sholáthar, etc.) agus, dá bhrí sin, ní luaitear iad an athuir anseo.

De na freagraí eile:

- Luaigh aon chomhlacht phoiblí is tríocha (14.8%) na dóigheanna nuálacha inar mhúscaíl a n-eagraíocht feacht ar an míchumas trí fheachtais agus trí oideachas, conas a chuireann siad tábhacht an mhíchumais chun cinn, agus infheictheacht na bhfostaithe a bhfuil míchumas orthu ina n-áit oibre trí ailt, ceardlanna agus físeáin inar cuireadh a dtaithí fíorshaoil in iúl. Shonraigh Coillte an méid seo a leanas:

“Gach bliain, reáchtálaimid Feachtas Cumais chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá gach duine a bhfuil aon chineál míchumais orthu agus ar ghlacadh leo. I mbliana, sheol Stiúrthóir sinsearach an feachtas bliantúil, agus scríobh triúr ceannairí sinsearach faoina

dtaithí féin leis an míchumas, faoina saol féin nó faoi shaol bail teaghlaigh leo agus faoi na hathruithe a chonaic siad sa chultúr in Coillte.”

Thug Bonneagar Iompair Éireann (TII) barúil ar a éifeachtaí a bhí an Podchraoladh Inrochtaineachta a d’fhorbair sé chun feasacht agus tuiscint ar an míchumas a chur chun cinn laistigh den eagraíocht agus i measc an phobail i gcoitinne araon:

“Saibhrítear na léargais sin trí éisteacht le taithí fíorshaoil na ndaoine a bhfuil míchumas orthu agus lena mbaill teaghlaigh, lena n-áirítear roinnt scéalta ó bhaill foirne TII.”

- Chomh maith leis sin, thug cúig chomhlacht déag phoiblí (7.1%) breac-chuntas ar conas a thug siad spreagadh do bhaill foirne a míchumas a chur in iúl, lena n-áirítear faisnéis thráthúil agus foirmeacha (ón Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas go minic) a sholáthar d’earcaigh nua chun aon mhíchumas a nochtadh agus chun socruithe réasúnacha a iarraidh, agus a chur i gcuimhne do bhaill foirne gur féidir leo a dtaifead stádais míchumais a athrú, mar aon le suirbhéanna foirne a scaipeadh.

3.3 Socruithe réasúnacha

De réir na nAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015, ní mór d’fhostóirí socruithe réasúnacha a dhéanamh d’fhostaithe faoi mhíchumas, á chinntiú gur féidir leo a bpost a dhéanamh ina iomláine agus comhdheiseanna fostaíochta a bheith acu.

Iarradh ar chomhlachtaí poiblí a mhíniú cé na bearta sonracha nó na nósanna imeachta oifigiúla a leanann a n-eagraíocht ar mhaithe le socruithe réasúnacha a sholáthar d’fhostaithe a bhfuil míchumas orthu. Bhí éagsúlacht shuntasach ann sna freagraí a fuarthas ina leith sin. I gcás na gcomhlachtaí poiblí sin a thug mionsonraí faoi na bearta agus na nósanna imeachta a leanann siad, is cosúil gurbh iad na príomhphróisis a d’úsáid siad ná idirchaidreamh idir fostaí agus a b(h)ainisteoir líne, an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, an rannóg Acmhainní Daonna, an rannóg Sláinte agus Sábháilteachta nó baill foirne ó rannóga iomchuí eile (Leas; Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú; Comhionannas) agus, ina dhiaidh sin, atreoruithe féideartha chuig speisialtóirí Sláinte Ceirde nó speisialtóirí seachtracha eile chun measúnú nó tacaíocht a fháil. Luaigh líon beag comhlachtaí poiblí go ndéantar athbhreithniú ar na socruithe ar bhonn tráthrialta. Thug 11 chomhlacht phoiblí (13.3%) faoi deara nach raibh aon phróiseas foirmiúil i bhfeidhm acu le haghaidh socruithe réasúnacha a sholáthar d’fhostaithe a bhfuil míchumas orthu.

Chuir ÚNM comhairle ar chomhlachtaí poiblí arís agus arís eile maidir leis na cineálacha socruithe réasúnacha is féidir leo a chur chun feidhme chun tacú le fostaithe a bhfuil míchumas orthu a bpost a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo. Chuir ÚNM in iúl freisin gur féidir le cuid mhór socruithe réasúnacha dul chun tairbhe do gach fostaí freisin. Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí an raibh na socruithe réasúnacha seo a leanas i bhfeidhm acu, agus tá na freagraí uathu leagtha amach thíos.

Tábla 5 Socruithe réasúnacha a sholáthraíonn comhlachtaí poiblí

Socrú réasúnach	An líon comhlachtaí poiblí	An céatadán de chomhlachtaí poiblí
Uaireanta oibre solúbtha a sholáthar, mar shampla uaireanta páirtaimseartha nó amanna tosaithe níos luaithe nó níos déanaí chun freastal ar fhostaí faoi mhíchumas	195	92.9
Stáisiúin oibre a athrú chun iad a dhéanamh inrochtana	192	91.4
Oiliúint a chur ar mhaoir dhóiteáin san eagraíocht i nósanna imeachta aslonnaithe éigeandála pearsanta d'fhostaithe faoi mhíchumas	176	83.8
Fostaithe a athoiliúint, más gá, ionas gur féidir leo dul i mbun post eile laistigh den chuideachta	167	79.5
Teicneolaíochtaí cúnta a sholáthar, mar shampla léitheoirí scáileáin do dhaoine a bhfuil laguithe amhairc orthu	161	76.7
Spás ciúin a sholáthar d'fhostaithe ionas gur féidir leo a scíth a ligean	158	75.2
Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar d'fhostaithe a shainaithníonn iad féin mar dhaoine Bodhra	82	39.0

Iarradh ar chomhlachtaí poiblí breac-chuntas a thabhairt ar aon socruithe réasúnacha eile atá i bhfeidhm acu d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu³. Is iad seo a leanas na príomhfhreagraí a fuarthas uathu:

³ San anailís ar na freagraí seo, ní dhírítear ach amháin ar na freagraí a thug comhlachtaí poiblí ar shocruithe réasúnacha agus ar na socruithe réasúnacha sin nár fiafraíodh fúthu cheana féin (mar atá i dTábla 4).

- Luaigh caoga comhlacht poiblí (23.8%) gur sholáthair siad saintrealamh, nó Teicneolaíocht Chúnta shonraithe. Áiríodh le trealamh den sórt sin bogearraí teanga go téacs, méarchláir ardchodarsnachta, monatóirí móra, deasca suí/seasaimh, lúba éisteachta, cumhdaigh scáileáin don disléicse, sainchluasáin, aonaid fístaispeána, lampaí neamhoird mhothachtálaigh shéasúraigh, gléas Braille, cluasáin cealaithe torainn, cuisneoir pearsanta, gloiní le haghaidh dathdhaille, gléas micreafóin Roger-on, agus glaíróirí creathacha foláirimh.
- Luaigh sé chomhlacht phoiblí is tríocha (17.1%) go ndearna siad athruithe ar thimpeallachtaí fisiciúla na bhfostaithe, lenar áiríodh soilsiú a choigeartú, deasca a shuí in áit chiúin, bacainní fuaim-mhaolaithe, suíochánra comhtháite d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, doirse uathoibríocha, comharthaí Braille, aláraim dhóiteáin oiriúnaitheacha ghealánacha, agus seomra céadfaí a sholáthar.
- Thug ceithre chomhlacht phoiblí is fiche (11.4%) breac-chuntas ar an dóigh ar thug siad rogha d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu a gcúraimí oibre nó a ról a choigeartú de réir na riachtanas agus an chumais atá acu.

D'oiriúnaigh roinnt comhlachtaí poiblí modhanna oibre mar shocrú réasúnach d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu. Áiríodh iad seo a leanas leis na hathruithe a rinneadh: treoracha scríofa, seachas treoracha ó bhéal, a thabhairt; tuilleadh ama nó oiliúna a thabhairt le haghaidh cúraimí; meantóir a sholáthar; agus cead a thabhairt d'fhostaithe cluasáin cealaithe torainn a úsáid nó ceol a sheinm ar a gcluasáin chun cabhrú leo díriú ar a gcuid oibre. Chinntigh comhlachtaí poiblí eile gur sholáthair siad faisnéis i bhformáidí inrochtana, gur úsáid siad fortheidil ag imeachtaí/seisiúin oiliúna, agus gur sholáthair siad ranganna TCÉ do chomhghleacaithe de chuid daoine atá Bodhar nó a bhfuil allaíre orthu. Thuairiscigh líon beag comhlachtaí poiblí gur sholáthair siad roghanna oibre cumaisc d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu, gur sholáthair siad spásanna ainmnithe páirceála dóibh agus gur thug siad rogha dóibh filleadh ar an obair de réir a chéile tar éis tréimhse neamhláithreachta.

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí ar tháinig a n-eagraíocht ar dheacrachtaí riamh maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar d'fhostaithe a bhfuil míchumas orthu, mar shampla moilleanna ar an bhfostaí a mheasúnú le haghaidh socraithe agus/nó easpa faisnéise a bheith ar fáil maidir le socruithe réasúnacha. Luaigh dhá chomhlacht phoiblí is daichead (20.0%) gur tháinig siad ar dheacrachtaí maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar.

Is iad seo a leanas na príomhdheacrachtaí ar thuairiscigh comhlachtaí poiblí gur tháinig siad orthu maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar:

- Luaigh cúig cinn déag de na comhlachtaí poiblí sin (35.7%) go raibh fadhbanna teicneolaíochta ina gcúis le deacrachtaí maidir le socruithe réasúnacha a sholáthar. Áiríodh leis na fadhbanna sin an teicneolaíocht chuí is gá a shainaithint, a fhoinsiú agus a fháil mar gheall ar easpa eolais, ar mhoilleanna ama, ar shrianta airgeadais, agus ar fhadhbanna a bhain le TF a shuiteáil (de dheasca srianta slándála TF agus saincheisteanna comhoiriúnachta). Áiríodh leo freisin saineolas cuí a shainaithint chun tacú le teicneolaíocht den sórt sin a úsáid.
- Tháinig dhá cheann déag de na comhlachtaí poiblí sin (28.6%) ar dheacrachtaí maidir le socruithe réasúnacha saincheaptha a sholáthar – i gcás roinnt comhlachtaí poiblí, tharla sé sin toisc nach bhféadfaí aon socrú ná aon rogha eile a sholáthar mar thoradh ar an ról, ar na cúraimí sonracha a bhaineann leis an ról, ar an gcineál eagraíochta nó ar shuíomh na heagraíochta. Chuir eagraíocht amháin in iúl gur féidir le deacrachtaí teacht chun cinn idir bainisteoirí agus fostaithe nuair nach féidir leo teacht ar chomhaontú ar cad is socrú indéanta ann. Rinne comhlachtaí poiblí eile trácht ar na dúshlán a bhaineann le socruithe a sholáthar do riochtaí ar leith. Dúirt comhlacht poiblí amháin go raibh sé dúshlánach dá n-eagraíocht freastal ar an disléicse, agus dúirt ceann eile go raibh sé dúshlánach dó socruithe a dhéanamh don néara-éagsúlacht (agus teacht ar shaineolas ar an néara-éagsúlacht). Labhair comhlacht eile faoin dúshlán a bhaineann le teacht ar ateangairí TCE.

Thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí gur tháinig siad ar mhoilleanna maidir le measúnú a shocrú d'fhostaithe. Áiríodh leis sin deacracht maidir le saineolas cuí a shainaithint agus a fhoinsiú le haghaidh measúnú agus tacaíocht a fháil. Thuairiscigh comhlachtaí poiblí eile fadhbanna a bhaineann lena inrochtana atá foirgnimh a n-eagraíochta agus moilleanna agus teorainneacha ar fheabhsuithe a chur ar roinnt foirgneamh poiblí. Deacrachtaí eile a ndearna comhlachtaí poiblí trácht orthu ba ea an easpa feasachta a bhí ag fostaithe ar shocruithe réasúnacha, an drogall a bhí ar fhostaithe iarrataí ar shocruithe a phlé nó dul ar aghaidh le hiarrataí den sórt sin, agus moilleanna ar an bhfaisnéis is gá a fháil ó fhostaithe don phróiseas socruithe réasúnacha. Áiríodh iad seo a leanas leis na deacrachtaí eile a thuairiscigh siad: eagraíocht bheag a bheith acu; castacht na gcásanna; gan oiliúint leordhóthanach a bheith faighte ag Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas; gan rochtain a bheith acu ar Rannóg Sláinte Ceirde na Státseirbhíse chun tacaíocht a fháil nuair a d'iarr baill foirne socruithe; an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith ag sannadh iarrthóirí gan measúnú a dhéanamh ar a riachtanais; agus moltaí neamhréasúnacha a fháil ó chuideachtaí earcaíochta tríú páirtí.

3.4 Tacaí do bhainisteoirí líne

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí ar sholáthair siad tacaí do Bhainisteoirí Líne chun cabhrú le fostaithe faoi mhíchumas socruithe réasúnacha a rochtain nó chun cineálacha eile cúnamh a thabhairt.

Thuairiscigh céad caoga is sé chomhlacht poiblí (74.3%) gur sholáthair siad tacaíocht do bhainisteoirí líne. Ba iad seo a leanas na cineálacha tacaíochta is coitianta:

- Sholáthair sé chomhlacht poiblí is nócha (45.7%) oiliúint nó oideachas chun tacú le bainisteoirí líne, lenar áiríodh oiliúint i bhfeasacht ar mhíchumas, éagsúlacht, cuimsiú, claontuairim neamh-chomhfhiúch, foghlaim agus cumarsáid inrochtana, comhráite cuimsitheacha, garchabhróirí meabhairshláinte, meabhairshláinte agus cearta an duine, seisiúin feasachta ar riochtaí sonracha, agus néara-éagsúlacht (ní liosta uileghabhálach é sin).
- Luaigh seacht gcomhlacht poiblí is ochtó (41.0%) go raibh bainisteoirí líne in ann tacaíocht a rochtain ó chomhghleacaithe nó ón lucht bainistíochta, lenar áiríodh an rannóg Acmhainní Daonna, an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, an rannóg Sláinte Ceirde, an rannóg Sláinte agus Sábháilteachta, Comhghleacaithe Rochtana/Éagsúlachta, nó rannóga iomchuí eile laistigh den eagraíocht.

Thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí freisin gur soláthraíodh acmhainní éagsúla do bhainisteoirí líne chun tacú leo, lenar áiríodh Foireann Uirlisí Cumais Bainisteoirí, lámhleabhair ar leas agus bainistíocht fostaithe, beartais/Cóid Chleachtais iomchuí, treoracha agus seicliostaí. Thuairiscigh comhlachtaí poiblí eile go raibh bainisteoirí líne in ann tacaíocht a lorg ó na líonraí éagsúla foirne a bhí ar fáil dóibh, ó sheirbhísí iomchuí cúnamh fostaithe laistigh dá n-eagraíocht, trí chóitseáil nó meantóireacht agus trí eagraíochtaí seachtracha.

3.5 Clár thaithí oibre


Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí ar ghlac siad páirt sna clár thaithí oibre seo a leanas sa bhliain 2023 nó ar óstáil siad a gclár féin do dhaoine a bhfuil míchumas orthu:

- Clár Willing Able Mentoring (WAM) AHEAD, lena soláthraítear taithí oibre íoctha do chéimithe a bhfuil raon éagsúil cineálacha míchumais orthu
- Clár Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL), lena soláthraítear taithí oibre neamhíoctha d'aosaigh óga a bhfuil míchumas intleachta orthu

- Specialisterne, lena soláthraítear taithí oibre neamhíoctha do dhaoine a bhfuil uathachas orthu.

Bhí an líon agus an céatadán de chomhlachtaí poiblí a ghlac páirt i gcláir thaithí oibre nó a reáchtáil a gclár taithí oibre féin measartha beag. Níor ghlac ach 60 comhlacht poiblí (28.6%) páirt i gclár taithí oibre do dhaoine faoi mhíchumas sa bhliain 2023. Léirítear i bhFíor 3.2 gur ghlac 13.8% de chomhlachtaí poiblí (29 gcomhlacht poiblí) páirt i gClár Willing Able Mentoring AHEAD, gur ghlac 2.4% díobh (cúig chomhlacht) páirt i gclár Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL), gur ghlac comhlacht poiblí amháin (0.5%) páirt i dtaithí oibre Specialisterne Ireland, agus gur ghlac 19.0% (40 comhlacht) páirt i gcláir eile thaithí oibre. Tugtar sna rannáin thíos tuilleadh mionsonraí faoi gach ceann de na cláir sin.

Fíor 3.2 An céatadán de na comhlachtaí poiblí uile a ghlac páirt i gcláir thaithí oibre



Clár Willing Able Mentoring (WAM) AHEAD

Mar a luadh roimhe seo, íocadh na rannpháirtithe i gcláir Willing Able Mentoring (WAM) AHEAD. De na cláir sin, mhair 23 cinn (79.3%) idir seacht mí agus 12 mhí, mhair ceithre cinn (13.8%) idir trí mhí agus sé mhí, agus mhair dhá cheann (6.9%) dhá bhliain. De na comhlachtaí poiblí a ghlac páirt sa chlár seo sa bhliain 2023, bhí rannpháirtí amháin ag ceithre cinn déag (48.3%), bhí beirt rannpháirtithe ag seacht gcinn (24.1%), agus bhí triúr rannpháirtithe ag ceithre cinn (13.8%). Bhí ceathrar rannpháirtithe, seachtar rannpháirtithe agus ochtar rannpháirtithe faoi seach ag na comhlachtaí poiblí eile, agus ní raibh comhlacht poiblí amháin in ann aon sonraí a thabhairt maidir leis an gceist seo.

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí cá mhéad duine de na rannpháirtithe taithí oibre a d'aistrigh isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn:

- Níor aistrigh aon rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn in ocht gcinn de na 29 gcomhlacht phoiblí sin (27.6%)
- D'aistrigh roinnt rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn i sé cinn de na comhlachtaí poiblí sin (20.7%), agus an figiúr sin sa raon idir aon cheathrú de na rannpháirtithe agus dhá thrian de na rannpháirtithe
- D'aistrigh na rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn in ocht gcinn de na comhlachtaí poiblí sin (27.6%).

Ní raibh seacht gcomhlacht phoiblí a ghlac páirt sa chlár seo (24.1%) in ann an cheist seo a fhreagairt. Ní raibh formhór na gcomhlachtaí sin in ann déanamh amhlaidh toisc go raibh a gclár taithí oibre fós ar siúl, agus thuairiscigh comhlacht amháin nach raibh sé in ann an cheist a fhreagairt go hiontaofa.

Clár Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL)

Ghlac cúig chomhlacht phoiblí (2.4%) páirt i gclár Foghlama Oibre an Oireachtais (OWL), lena soláthraítear taithí oibre neamhíoctha d'aoisigh óga a bhfuil míchumas intleachta orthu. Ghlac ceithre cinn de na comhlachtaí poiblí sin (80.0%) páirt sa chlár seo ar feadh tréimhse idir seacht mí agus 12 mhí. D'óstáil comhlacht poiblí amháin clár Foghlama Oibre an Oireachtais ar feadh níos lú ná 3 mhí (20.0%).

De na comhlachtaí poiblí a ghlac páirt i gclár Foghlama Oibre an Oireachtais, bhí rannpháirtí amháin ag dhá cheann, bhí beirt rannpháirtithe ag ceann amháin, bhí triúr rannpháirtithe ag ceann amháin, agus bhí deichniúr rannpháirtithe ag ceann amháin. Díobh sin:

- Níor aistrigh aon rannpháirtithe ó dhá chomhlacht phoiblí isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn.
- D'aistrigh roinnt rannpháirtithe ó dhá chomhlacht phoiblí isteach san fhostaíocht íoctha – i gcomhlacht poiblí amháin, d'aistrigh 33% de na rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht/ina Roinn agus, i gceann eile, d'aistrigh 20% de na rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht/ina Roinn, agus bhí 40% eile fostaithe ag an Rialtas/ag comhlachtaí eile.

- D'aistrigh rannpháirtí amháin ó chomhlacht poiblí amháin (20.0%) isteach san fhostaíocht íoctha ina (h)eagraíocht/ina Roinn.

Ní raibh comhlacht poiblí amháin in ann an cheist seo a fhreagairt toisc go raibh an taithí oibre fós ar siúl.

Specialisterne

Ghlac comhlacht poiblí amháin páirt i gclár taithí oibre Specialisterne Ireland. Bhí an taithí oibre sin neamhíoctha, agus mhair sí idir seacht mí agus 12 mhí. Ghlac triúr rannpháirtithe páirt sa taithí oibre seo, ach níor aistrigh aon duine díobh isteach san fhostaíocht íoctha san eagraíocht/sa Roinn lena mbaineann.

Cláir eile thaithí oibre

Ghlac daichead comhlacht poiblí (19.0%) páirt i gcláir eile thaithí oibre, lenar áiríodh cláir inmheánacha thaithí oibre ar reáchtáil a n-eagraíocht féin iad. Iarradh ar chomhlachtaí poiblí tuilleadh faisnéise a sholáthar faoi na cláir thaithí oibre sin⁴. Bhí formhór na gcomhlachtaí poiblí sin nasctha le heagraíochtaí éagsúla nó le tionscnaimh éagsúla fostaíochta míchumais. Seo a leanas sampla de na heagraíochtaí agus na tionscnaimh sin:

- Infhostaitheacht
- Ionad na Tríonóide do Dhaoine a bhfuil Míchumas Intleachta orthu (TCPID)
- KARE
- Clár WALK agus clár eile a bhain go sonrach le WALKways
- An Tionscnamh Doirse Oscailte
- Clár Gradlink FSS
- Project SEARCH

Cláir íoctha a bhí i 25 cinn (62.5%) de na cláir thaithí oibre sin. Mhair an chuid is mó de na cláir sin níos lú ná trí mhí (16 chlár, 32.5%), mhair ocht gcinn díobh (12.5%) idir trí mhí agus sé mhí, mhair 11 cheann díobh (27.5%) idir seacht mí agus 12 mhí, agus mhair trí cinn díobh (7.5%) idir 13 mhí agus 18 mí. Luaigh ceithre cinn de na comhlachtaí sin (10.0%) gur chláir bhuana nó leanúnacha iad a gcláir shocrúcháin oibre, agus luaigh ceann amháin díobh go raibh fad na taithí oibre ag brath ar shainroghanna pearsanta an iarratasóra agus ar chineál an tsocrúcháin. Bhí rannpháirtí amháin (16 chlár, 40.0%) nó beirt rannpháirtithe (13

⁴ Níor sholáthair dhá chomhlacht aon fhaisnéis faoina gclár taithí oibre

chlár, 32.5%) ag formhór na gclár taithí oibre sin. Bhí idir triúr rannpháirtithe agus 32 rannpháirtí ag na cláir eile.⁵ Díobh sin:

- Níor aistrigh aon rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn i 23 cinn den 40 comhlacht poiblí (57.5%) a ghlac páirt i gclár eile socrúcháin oibre.
- D'aistrigh roinnt rannpháirtithe isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn i sé cinn de na comhlachtaí poiblí sin (15.0%), agus an figiúr sin sa raon idir 6.3% de na rannpháirtithe agus leath na rannpháirtithe.
- D'aistrigh na rannpháirtithe uile isteach san fhostaíocht íoctha ina n-eagraíocht agus/nó ina Roinn i gcúig cinn de na comhlachtaí poiblí sin (12.5%).

Luaigh ceithre cinn de na comhlachtaí sin nár bhain an cheist seo leo, agus an chuid is mó díobh ag míniú go raibh an taithí oibre ceaptha do mhic léinn a bhí ag filleadh ar an oideachas. Níor shoiléirigh na comhlachtaí poiblí cé acu atá nó nach bhfuil míchumas ar na mic léinn sin.

3.6 Idirchaidreamh le Coistí Faireacháin

Fiafraíodh de chomhlachtaí poiblí an ndearna siad aon idirchaidreamh leis an gCoiste Faireacháin ina máthair-Roinn sa bhliain 2023. Thuairiscigh 88 gcomhlacht phoiblí (41.9%) go ndearna siad idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin sa bhliain 2023.

Iarradh ar an gcéad fiche is dhá chomhlacht phoiblí (58.1%) nach ndearna aon idirchaidreamh lena gCoiste Faireacháin a mhíniú cén fáth. Ba é an phríomhchúis a tugadh, agus í á tuairisciú ag 73 cinn de na comhlachtaí poiblí sin (59.8%), ná nár ghá dóibh idirchaidreamh a dhéanamh lena gCoiste Faireacháin nó nach raibh aon chúis shonrach acu le déanamh amhlaidh. Mhínigh roinnt de na comhlachtaí sin freisin gur éirigh leo an íos-sprioc 3% a bhaint amach, go raibh siad mar chuid den líonra Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas, gur thuig siad Cuid 5 agus a gcuid oibleagáidí, go raibh bearta cuí i bhfeidhm acu cheana féin nó go mbeadh siad sásta idirchaidreamh a dhéanamh sa toadhchá. Is suntasach an rud é nár bhain dhá cheann de na comhlachtaí poiblí sin an íos-sprioc 3% amach sa bhliain 2023.

⁵ Ní raibh comhlacht amháin in ann a dheimhniú cá mhéad duine a bhfuil míchumas orthu a ghlac páirt ina chlár taithí oibre.

Thuairiscigh fiche comhlacht poiblí (16.4%) nach bhfuair siad aon teagmháil ó na gCoiste Faireacháin nó nach raibh a fhios acu gur ann don Choiste sin, agus roinnt díobh ag rá go raibh baill foirne nua i bhfeidhm acu nó go mbeadh siad sásta idirchaidreamh a dhéanamh sa todhchaí.

Thuairiscigh roinnt comhlachtaí poiblí nach raibh siad in ann bualadh leis an gCoiste Faireacháin sa bhliain 2023 ar chúiseanna éagsúla eile. Áiríodh leo sin athrúchán foirne, ualach oibre, athstruchtúrú, eagraíocht nua a bhunú, agus imthosca aonair. Luaigh roinnt díobh freisin go raibh sé beartaithe acu idirchaidreamh a dhéanamh sa bhliain 2024.

4. Faireachán agus Comhlíonadh

Comhlíonadh faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005

Faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, féadfaidh ÚNM tuilleadh faisnéise a iarraidh ó chomhlachtaí poiblí nár bhain an íos-sprioc reatha 3% amach le dhá bhliain as a chéile. Athbhreithníonn ÚNM an fhaisnéis sin chun a chinneadh an bhfuil comhlacht poiblí comhlíontach faoi Chuid 5 nó nach bhfuil.

4.1 Comhlíonadh an Achta, 2021 – 2022

Níor bhain na cúig chomhlacht phoiblí seo a leanas an íos-sprioc 3% amach sa bhliain 2021 ná sa bhliain 2022:

- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Gaillimh-Maigh Eo (ATU) – ar a dtugtaí Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo sa bhliain 2021
- Bord Bia
- FSS
- An Ghníomhaireacht um Fhorbairt Talún
- An Chomhairle Ealaíon

Sheol ÚNM iarrataí alt 49 do na blianta 2021 agus 2022 chuig na comhlachtaí poiblí sin.

